

Gníomhaíochtaí Daltaí: Caitheamh díse a iniúchadh.

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Ag Caitheamh Díse” ar CD an Dalta.

1. Cé na torthaí féideartha nuair a chaitear díse?

2. Má chaitheann tú díse 50 uair, cé mhéad uair, go garbh, a mbeadh súil agat le gach toradh ar leith?

3. An é an toradh céanna a fhaigheann tú gach uair a chliceálann tú an cnaipe **Cliceáil chun an díse a chaitheamh 50 uair** ar an gcomhad idirghníomhach? Mínigh.

4. Ar an gcomhad idirghníomhach cliceáil an cnaipe **Cliceáil chun an díse a chaitheamh 50 uair**, agus cláraigh na torthaí sa tábla thíos. Déan é sin arís, ceithre huaire eile agus líon isteach an colún **iomlán** ansin.

	An chéad Chliceáil	An dara Cliceáil	An tríú Cliceáil	An ceathrú Cliceáil	An cúigiú Cliceáil	Iomlán
Líon na n-aonta (1)						
Líon na ndónna (2)						
Líon na dtríonna (3)						
Líon na gceathaireanna (4)						
Líon na gcúigeanna (5)						
Líon na séanna (6)						

5. An bhfaca tú aon patrún ag teacht chun cinn i gceist 4, tar éis an díse a chaitheamh 250 uair? An dóigh leat gur díse cothrom é? Mínigh do fhreagra.

6. An raibh an patrún sin le feiceáil tar éis an díse a chaitheamh 50 uair? Mínigh do fhreagra.

7. Cé acu rothlóir díobh seo a leanas a thabharfadh tacar torthaí cosúil leis na torthaí sa chomhad idirghníomhach? Mínigh do rogha.

